**Leasú 2**
**Markus Ferber, Joachim Schuster, Stefan Berger, Axel Voss, Ralf Seekatz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Monika Hohlmeier, Engin Eroglu, Daniel Caspary, Niels Geuking, Christine Schneider, Ulrike Müller, Niclas Herbst, Sabine Verheyen, Peter Jahr, Rainer Wieland, Andreas Glück, Moritz Körner, Svenja Hahn, Michael Kauch, Jan-Christoph Oetjen, Christian Doleschal, Angelika Niebler, Norbert Lins, Peter Liese, David McAllister, Dennis Radtke, Hildegard Bentele, Marlene Mortler, Sven Simon, Markus Pieper, Michael Gahler, Marion Walsmann, Christian Ehler, Manfred Weber, Dietmar Köster, Jens Geier, Gabriele Bischoff, Karsten Lucke, Udo Bullmann, Bernd Lange, Birgit Sippel, René Repasi, Tiemo Wölken, Matthias Ecke, Petra Kammerevert, Thomas Rudner**

**Report A9-0155/2024**
**Pedro Marques**
lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú
(COM(2023)0226 – C9-0139/2023 – 2023/0111(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 806/2014
Airteagal 3 – Mír 1 – Pointí (56), (57) agus (58) (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:*** |
| | ***'(56) ciallaíonn 'banc le haghaidh spreagadh' aon ghnóthas nó eintiteas a chuireann rialtas láir nó réigiúnach de chuid Ballstáit ar bun, a dheonaíonn iasachtaí spreagtha ar bhonn neamhiomaíoch, neamhbhrabúis, chun cuspóirí bheartas poiblí an rialtais sin a chur chun cinn, ar choinníoll go bhfuil oibleagáid ar an rialtas sin bonn eacnamaíoch an ghnóthais nó an eintitis a chosaint agus inmharthanacht an ghnóthais nó an eintitis a choinneáil ar feadh a ré, nó go ráthaíonn rialtas láir nó réigiúnach an Bhallstáit, go díreach nó go hindíreach, ar a laghad 90% dá chistiú bunaidh nó den iasacht spreagtha a dheonaíonn sé;*** |
| | ***(57) ciallaíonn 'iasacht spreagtha' iasacht a dheonaíonn banc le haghaidh*** |

***spreagadh nó a dheonaítear trí bhanc idirmheánach ar bhonn neamhiomaíoch, neamhbhrabúis, chun cuspóirí beartais phoiblí rialtais láir nó réigiúnaigh Bhallstáit a chur chun cinn;***

***(58) ciallaíonn 'institiúid idirmheánach' institiúid creidmheasa a sholáthraíonn iasachtaí spreagtha, ar choinníoll nach dtugann sé iad mar chreidmheas do chustaiméir deiridh.';***

Or. en

**Leasú 3**
**Markus Ferber, Joachim Schuster, Stefan Berger, Axel Voss, Ralf Seekatz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Monika Hohlmeier, Engin Eroglu, Daniel Caspary, Niels Geuking, Christine Schneider, Ulrike Müller, Niclas Herbst, Sabine Verheyen, Peter Jahr, Rainer Wieland, Andreas Glück, Moritz Körner, Svenja Hahn, Michael Kauch, Jan-Christoph Oetjen, Christian Doleschal, Angelika Niebler, Norbert Lins, Peter Liese, David McAllister, Dennis Radtke, Hildegard Bentele, Marlene Mortler, Sven Simon, Markus Pieper, Michael Gahler, Marion Walsmann, Christian Ehler, Manfred Weber, Dietmar Köster, Jens Geier, Gabriele Bischoff, Karsten Lucke, Udo Bullmann, Bernd Lange, Birgit Sippel, René Repasi, Tiemo Wölken, Matthias Ecke, Petra Kammerevert, Thomas Rudner**

**Report** **A9-0155/2024**
**Pedro Marques**
lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le bearta luath-idirghabhála, coinníollacha maidir le réiteach agus gníomhaíocht réitigh a chistiú (COM(2023)0226 – C9-0139/2023 – 2023/0111(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 806/2014
Airteagal 12 – Mír 4a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 a) in Airteagal 12, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***4a. Sa ríomh ar an íoscheanglas dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo agus in Airteagal 45(1) de Threoir 2014/59/AE, eisiafar, i gcás institiúidí a oibríonn iasachtaí spreagtha, dliteanais na hinstitiúide idirmheánaí i leith na hinstitiúide tionscnaimh nó i leith banc eile le haghaidh spreagadh nó i leith institiúid idirmheánach eile agus eisiafar dliteanais an bhainc bunaidh le haghaidh spreagadh i leith a pháirtithe cistiúcháin sa mhéid go bhfreagraíonn méid na ndliteanas sin d'iasachtaí spreagtha na hinstitiúide sin.';*** |

Or. en